# Dréacht-Sonrúchán na Gaeilge

Faofa i gcomhair comhairliúcháin

NCCA

# Clár na n-ábhar


Intreoir don tsraith shóisearach 4

Réasúnaíocht 5

Aidhm 7

Forbhreathnú: Naisc 8

Forbhreathnú: Cúrsa 14

Dul chun cinn 16

Gearrchúrsa breise don Ghaeilge 16

Ionchais maidir le scoláirí 19

Measúnú 24

Measúnú don teistiúchán 25

Aguisín 1 41

# Intreoir don tsraith shóisearach

In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar eispéiris a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Eispéiris d'ardchaighdeán iad seo a chuireann go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaimeora agus, de réir mar is féidir, cuirtear deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus buanna an fhoghlaimeora a fhorbairt maidir le cruthaitheacht, nuálaíocht agus fiontar. I gclár shraith shóisearach an fhoghlaimeora tógtar ar a bhfuil foghlamtha aige cheana, tugtar tacaíocht do chur chun cinn a chuid foghlama, agus tacaítear leis chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil.

# Réasúnaíocht

*"Not to learn Irish is to miss the opportunity of understanding what life in this country has meant and could mean in a better future. It is to cut oneself off from ways of being at home. If we regard self-understanding, mutual understanding, imaginative enhancement, cultural diversity and a tolerant political atmosphere as desirable attainments, we should remember that knowledge of the Irish language is an essential part in their realisation."*

- **Seamus Heaney**

*Foilsithe le caoinchead Gael Linn*

Tá an Ghaeilge á labhairt in Éirinn le breis agus dhá mhíle bliain go leith. Tá dlúthbhaint aici le teangacha Eorpacha eile .i. tá gaol gairid aici ón aimsir chianaosta leis na teangacha Ceilteacha eile go háirithe, agus i gcaitheamh an ama tháinig sí faoi thionchar na Laidine, na dteangacha Lochlannacha, na Fraincise agus an Bhéarla freisin. Tá sí ar an teanga scríofa is ársa ó thuaidh de na hAlpa agus ina theannta sin is sa Ghaeilge atá an litríocht dúchais scríofa is sine in Iarthar na hEorpa.

Tá ceantair Ghaeltachta ann ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga pobail agus tá daoine ar fud na tíre a úsáideann an Ghaeilge mar a bpríomhtheanga ar bhonn laethúil. Dearbhaítear i mBunreacht na hÉireann gur tír dhátheangach í Éire. De réir reachtaíocht na tíre, Bhunreacht na hÉireann agus de réir reachtaíocht an Aontais Eorpaigh tá cearta áirithe ag an saoránach atá ag iarraidh an Ghaeilge a úsáid. Tá daonra scoile na hÉireann ag éirí níos ilteangaí ná riamh. Aithnítear go bhfuil pobail ar leith teanga againn sa tír mar aon le suíomhanna teangeolaíocha éagsúla. I gcás na Gaeilge tá comhthéacsanna éagsúla teagaisc inár scoileanna – scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, agus scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge lena n-áirítear scoileanna Lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta. Ina theannta sin, bíonn éagsúlacht de thaithí foghlama agus riachtanais ag foghlaimeoirí – d'fhéadfadh gur mar chéad teanga, mar dhara teanga nó mar theanga bhreise a thabharfadh foghlaimeoir faoi fhoghlaim na Gaeilge.

Éascaíonn úsáid na nuatheicneolaíochta an ceangal idir pobail na Gaeilge ar fud an domhain, cuireann an teicneolaíocht ar a gcumas cur síos a dhéanamh ar gach uile ghné den saol comhaimseartha agus cumarsáid a dhéanamh le daoine eile. Tugann teanga an deis don scoláire an tuiscint, an t-eolas agus

na scileanna a bhaint amach chun a fhorás pearsanta a fhorbairt, mar aon lena rannpháirtíocht éifeachtach sa tsochaí.

Trí staidéar a dhéanamh ar theanga cabhraítear leis an scoláire tógáil ar a chuid foghlama sa bhunscoil agus cur arís lena chuid scileanna agus le taitneamh a bhaint as teanga a úsáid go héifeachtach. Tríd an teanga a fhoghlaim agus a úsáid, aimsíonn an scoláire faisnéis, forbraíonn sé smaointeoireacht, agus cuireann sé smaointe agus mothúcháin in iúl. Foghlaimíonn sé faoi theanga, agus conas í a úsáid go maith i gcomhthéacsanna éagsúla. Léirítear meas ar chumas an scoláire ina theanga baile agus ar úsáid logánta teanga, agus ar a chleachtais litearthachta lasmuigh den scoil.

Is tábhachtach go ndéanfaí foghlaim faoi theanga i dtéacsanna, lena n-áirítear téacsanna ilmhódacha, ar mhaithe le forbairt shóisialta agus, mar chuid den phróiseas seo, forbraíonn an scoláire an cumas agus an mhuinín a theastaíonn chun riar ar éilimh na scoile, na fostaíochta, an bhreisoideachais agus an tsaoil. Tá an t-eolas seo agus an mháistreacht a bheidh aige ar theanga ríthábhachtach freisin i dtaca lena ionchur sa saol polaitiúil, sóisialta agus cultúrtha agus mar shaoránach smaointeach gníomhach atá beo i sochaí ilteangach ag a bhfuil dhá theanga oifigiúla arb í an Ghaeilge an chéad teanga oifigiúil díobh agus an Béarla an dara ceann.

Tá sé tábhachtach go dtuigfidh an foghlaimeoir na réimsí ar a bhfuil feabhas tagtha maidir lena úsáid teanga, na háiteanna ina bhfuil breis feabhsúcháin ag teastáil agus conas tabhairt faoin bhfeabhsúchán sin. Mar shlí i dtreo an eolais sin éiríonn sé níos inniúla i ngnásanna an litrithe, modhanna na poncaíochta, struchtúir abairtí agus eagrú téacs.

Bíonn an scoláire gníomhach agus gafa i gceann na scileanna comhtháite: teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht agus bíonn sé ag plé faoi – agus ag déanamh comparáidí idir – éagsúlacht mhór téacsanna agus foirmeacha teanga. Tá an cumas chun brí a bhaint as an litríocht tábhachtach i leith fhorás an duine iomláin agus chuige sin léann an scoláire an litríocht le léargas agus le samhlaíocht ní amháin sa seomra ranga ach ar a shon féin freisin. Ós gníomhaíocht shóisialta chomh maith le ceann pearsanta é an staidéar, téann an scoláire i ngleic leis na scileanna agus na deiseanna a bhaineann le hobair ghrúpa chun spriocanna teanga cuí a bhaint amach.

Ar deireadh, agus a mháistreacht is a mheas ar theangacha ag forbairt, is amhlaidh a fhásfaidh deiseanna an scoláire chun sult a bhaint as an saol agus an chuid is fearr a thabhairt uaidh don tsochaí anois, agus san am atá le teacht.

# Aidhm

I sonrúchán Gaeilge na sraithe sóisearaí féachfar chun eolas agus tuiscint an scoláire ar an teanga a fhorbairt, a leathnú agus a dhaingniú. Cumasófar an scoláire chun cumarsáid éifeachtach, idirghníomhach, mhuiníneach a dhéanamh i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla ar réimse leathan ábhar (de réir a chumais). Cuirtear béim ar chothú agus ar fhorbairt na feasachta lena n-áirítear an fheasacht teanga, an fheasacht chultúrtha mar aon le féinfheasacht an scoláire mar fhoghlaimeoir teanga sa sonrúchán seo. Féachfar chun na scileanna a thugann an scoláire leis go dtí an iar-bhunscoil a bhuanú agus a fhorbairt. Cumasófar an scoláire le freagracht a ghlacadh as a fhoghlaim féin, cumas a sheasfaidh leis sa saol.

Seo iad aidhmeanna sainiúla an tsonrúcháin do gach scoláire:

- cothófar muinín i labhairt na Gaeilge sa scoláire ionas go mbeidh ar a chumas é féin a chur in iúl agus a thuairimí faoin saol thart timpeall air a phlé trí mheán na Gaeilge ó bhéal, i scríbhinn agus sna meáin chomhaimseartha
- éascófar an scoláire chun cúram a dhéanamh de ghnéithe de réimse agus de chruinneas na teanga ar mhaithe le barr feabhais a chur ar a scileanna cumarsáide agus féinléirithe
- spreagfar an chruthaitheacht agus an nuálaíocht sa scoláire chun an teanga a shealbhú trí ghníomhaíochtaí taitneamhacha réadúla bunaithe ar a eispéiris féin ionas go mbainfidh sé taitneamh as cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge
- misneofar an scoláire le heolas agus cabhair a lorg agus a thabhairt, le triail a bhaint as teanga nuafhoghlamtha agus le tuairimí pearsanta a roinnt trína scileanna litearthachta a dhaingniú
- cumasófar an scoláire le dul i ngleic le raon leathan téacsanna, i meáin éagsúla, ar mhaithe le foghlaim, le taighde, le caitheamh aimsire
- forbrófar agus cothófar tuiscint agus meas ar an litríocht ionas go mbainfidh an scoláire taitneamh agus tairbhe as litríocht na Gaeilge
- cothófar meas agus fiosracht sa scoláire maidir le saibhreas agus saíocht na Gaeilge, an t-ilteangachas agus an ilchultúrthacht araon agus beidh tuiscint níos fearr aige ar a fhéiniúlacht dá bharr

# Forbhreathnú: Naisc

Léirítear i dtáblaí 1-3 conas a nascann Gaeilge na sraithe sóisearaí le príomhghnéithe na foghlama agus an teagaisc sa tsraith shóisearach.

Tábla 1: Naisc idir an sonrúchán do Ghaeilge na sraithe sóisearaí agus na Ráitis Foghlama

| **Na Ráitis Foghlama** | |
|---|---|
| **Ráitis ábhartha** | **Samplaí den fhoghlaim ábhartha**<br>(*scoláirí sna comhthéacsanna T1* agus T2* araon)* |
| **RF 1:** Déanann an scoláire cumarsáid go héifeachtach ar bhealaí éagsúla i réimse comhthéacsanna sa T1. | Glacfaidh an scoláire páirt i raon leathan gníomhaíochtaí teanga chun forbairt a dhéanamh ar a chumarsáid labhartha agus scríofa i réimse leathan comhthéacsanna agus cineálacha. |
| **RF 2:** Éisteann, labhraíonn, léann agus scríobhann an scoláire sa T2 agus i dteanga amháin eile ag leibhéal inniúlachta atá ag teacht lena c(h)umas féin. | Glacfaidh an scoláire páirt i raon leathan gníomhaíochtaí teanga chun forbairt a dhéanamh de réir a chumais féin ar a chumarsáid labhartha agus scríofa i réimse leathan comhthéacsanna agus cineálacha. |
| **RF 3:** Déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a thuiscint agus a léirmhíniú go criticiúil. | Rachaidh an scoláire i ngleic le téacsanna i réimse leathan cineálacha, chun taitneamh a bhaint astu, chun an t-ábhar iontu a thuiscint agus a mheas, agus chun a ghinchumas labhartha agus scríofa féin a fhorbairt. |
| **RF 4:** Cruthaíonn agus cuireann an scoláire i láthair saothair ealaíonta agus tuigeann sé/sí an próiseas agus na scileanna atá i gceist. | Cruthóidh an scoláire réimse téacsanna i meáin éagsúla mar thoradh ar a fhoghlaim ó na saothair |

| | |
|---|---|
| | chruthaitheacha ealaíonta a ndearna sé staidéar orthu. |
| **RF 6:** Tuigeann an scoláire mar a chuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu. | Trí fhoghlaim agus úsáid na teanga, tuigfidh an scoláire cultúr na hÉireann, agus mar thoradh air sin beidh meas aige ar chultúr agus ar éagsúlacht. Forbróidh an scoláire an tuiscint atá aige ar theanga agus ar oidhreacht na Gaeilge. |
| **RF 16:** Déanann an scoláire cur síos ar phatrúin agus ar choibhneasa agus déanann sé/sí iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú. | Léireoidh an scoláire tuiscint ar struchtúir agus ar dhul na Gaeilge sa chaint agus sa scríobh. |
| **RF 23:** Tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú. | Tabharfaidh an scoláire, go haonarach agus i gcomhpháirt, faoi shaothar Gaeilge a phleanáil agus a thabhairt chun críche. |
| **RF 24:** Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteacha chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil. | Bainfidh an scoláire úsáid chuí eiticiúil as TFC i bhfoghlaim na Gaeilge. |

Tábla 2: Naisc idir an sonrúchán do Ghaeilge na sraithe sóisearaí agus an Litearthacht agus an Uimhearthacht

| An Litearthacht agus an Uimhearthacht |
| --- |
| Is cuid lárnach d'fhoghlaim agus de theagasc na Gaeilge forbairt teanga agus litearthachta. Forbróidh an scoláire a scileanna litearthachta agus é ag dul i ngleic go gníomhach leis na snáitheanna[1]; an teanga ó bhéal: éisteacht agus labhairt, an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht, bíodh sé ag foghlaim na teanga mar chéad teanga, mar dhara teanga nó mar theanga bhreise.<br><br>Sa teanga labhartha pléifidh sé téacsanna, smaointe agus dearcthaí ar bhealach diongbháilte ionas go ndéanfaidh sé forbairt ar a scileanna éisteachta agus labhartha, bunchlocha na hidirghníomhaíochta labhartha.<br><br>Trí dhul i ngleic le téacsanna de chineálacha éagsúla tiocfaidh forbairt ar scil léitheoireachta an scoláire. Úsáidfidh sé réimse leathan straitéisí tuisceana chun na téacsanna seo a léamh lena thuiscint, a chumas agus a líofacht a fhorbairt.<br><br>Le forbairt a dhéanamh ar an litearthacht, tabharfaidh an scoláire faoi phleanáil, faoi dhréachtú agus faoi scríbhneoireacht i réimse seánraí ar bhealach diongbháilte agus léireoidh sé feasacht atá ag dul i méid maidir le spriocghrúpa agus stíl.<br><br>Mar chuid den dul chun cinn a dhéanfaidh an scoláire ar a chumas sa litearthacht i gcoitinne, forbróidh sé feasacht níos grinne maidir le teanga, agus spreagfar é le tabhairt faoi théacsanna eile. Ag éirí as an bhfeasacht seo foghlaimeoidh sé conas a oibríonn teanga, eolas a chuirfidh ar a chumas roghanna oilte teanga a dhéanamh chun é féin a chur in iúl, agus chun eolas agus smaointe a aimsiú, a úsáid agus a roinnt. |

[1] Feic Fíor 1 ar lch 14

Cosúil le gach ábhar, is féidir leis an nGaeilge páirt dhearfach a ghlacadh freisin i scileanna uimhearthachta a fhorbairt, m.sh. nuair atá gnéithe den uimhríocht nó den tomhas feidhmeach á bplé (amhail airde, meáchan, am agus dáta, fad agus praghas), agus nuair atá coincheapa cainníochtúla á bhfoghlaim ar nós na mbunuimhreacha, na n-orduimhreacha agus na n-uimhreacha pearsanta.

Cabhraíonn gníomhaíochta foghlama teanga ar nós eolas a bhailiú ó shuirbhéanna agus ó cheistneoirí, cur síos agus cur i láthair a dhéanamh (.i. ar shonraí maidir le baill teaghlaigh agus daoine eile, tithe agus eile), agus an rólghlactha le forbairt agus treisiú scileanna uimhearthachta. Ina theannta sin tugann an scoláire patrúin faoi deara agus é ag tabhairt faoi ghnéithe ar nós córais mheadarachta sa litríocht, aimsirí na mbriathra agus athruithe ag tús agus ag deireadh focal.

Tábla 3: Naisc idir an sonrúchán do Ghaeilge na sraithe sóisearaí agus na Príomhscileanna eile

| Na Príomhscileanna Eile | | |
|---|---|---|
| **An Phríomhscil** | **Gné(ithe) na Príomhscile** | **Gníomhaíocht foghlama an scoláire** |
| **Mé féin a bhainistiú** | Spriocanna pearsanta a shocrú agus a bhaint amach<br><br>A bheith in ann athmhachnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin | Agus é ag plé agus ag soláthar téacsanna Gaeilge tuigfidh an scoláire an tábhacht a bhaineann le machnamh, le heagar agus le soiléireacht ar mhaithe le spriocanna a bhaint amach go slachtmhar, go héifeachtach agus in am |
| **Fanacht folláin** | A bheith muiníneach<br><br>A bheith sóisialta<br><br>A bheith dearfach faoin bhfoghlaim | Agus cúrsaí reatha agus téacsanna eile á bplé sa seomra ranga, spreagfar an scoláire chun a chuid tuairimí a roinnt le daoine eile, neartófar a mhuinín maidir lena chumas Gaeilge agus tuigfidh sé a thábhachtaí is a thairbhí is atá sé éisteacht le tuairimí daoine eile |
| **Cumarsáid** | Éisteacht agus mé féin a chur in iúl<br><br>Plé agus díospóireacht<br><br>Teanga a úsáid | Cuirfidh an scoláire feabhas ar a chuid scileanna cumarsáide trí bheith ag plé gnéithe áirithe dá shaol féin agus den saol i gcoitinne. Gheobhaidh sé taithí ar bheith ag cur faisnéise agus tuairimí i láthair ar a shon féin nó ar son grúpa |


| | | |
|---|---|---|
| | Taibhiú agus cur i láthair | |
| **A bheith cruthaitheach** | Ag samhlú<br><br>Ag foghlaim go cruthaitheach<br><br>An chruthaitheacht a spreagadh ag baint úsáide as teicneolaíocht dhigiteach | Mar úsáideoir teanga beidh an scoláire ag cur lena eolas ginearálta agus forbrófar a chuid inniúlachtaí cruthaitheacha de réir mar a thugann sé faoin eolas nua seo a shealbhú agus a léiriú |
| **Obair le daoine eile** | Ag comhoibriú<br><br>Foghlaim le daoine eile | De réir mar a ullmhaíonn an scoláire topaicí le cur i láthair ó bhéal, rachaidh sé i gcomhairle agus i gcomhpháirt lena chomhfhoghlaimeoirí agus le daoine eile chun sochair a fhoghlama féin agus fhoghlaim a chéile |
| **Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú** | A bheith fiosrach<br><br>Eolas agus sonraí a bhailiú, a eagrú agus a mheas | Tabharfaidh an scoláire gnéithe áirithe faoi deara i dtaca le patrúin áirithe laistigh den teanga agus lorgóidh sé slite inar féidir leis a bheith níos cruinne ina tháirgeadh teanga féin |

*Forbrófar agus daingneofar scileanna TFC an scoláire ar bhonn leanúnach sa rang Gaeilge agus é ag léamh, ag amharc agus ag éisteacht, ag déanamh taighde, ag labhairt, ag scríobh, ag léiriú, agus ag cur i láthair

# Forbhreathnú: Cúrsa

Sa sonrúchán do Ghaeilge na sraithe sóisearaí dírítear ar fhorbairt na teanga agus na litearthachta trí thrí shnáithe chomhtháite: An Teanga Ó Bhéal:[2] Éisteacht agus Labhairt, An Léitheoireacht agus An Scríbhneoireacht.

Fíor 1: Na snáitheanna i sonrúchán na Gaeilge don tsraith shóisearach




I snáitheanna an tsonrúcháin leagtar béim ar leith ar chumas cumarsáide, ar bhuanú agus ar fhorbairt scileanna teanga agus scileanna foghlama araon. Féachtar leis an bhfeasacht teanga agus chultúrtha mar aon le féinfheasacht an scoláire mar fhoghlaimeoir teanga a threisiú sa sonrúchán seo. Cuirtear béim mhór ar an scoláire a chumasú chun an Ghaeilge a úsáid chun é féin agus an saol thart timpeall air a thuiscint agus a phlé trí mheán na Gaeilge ó bhéal. Tá an teanga ó bhéal mar dhlúthchuid de gach gné den sonrúchán. Ach baineann fíorthábhacht leis an idirghníomhaíocht idir snáitheanna éagsúla an tsonrúcháin; An Teanga Ó Bhéal: Éisteacht agus Labhairt, An Léitheoireacht agus An Scríbhneoireacht. Is próiseas comhtháite atá i gceist le foghlaim teanga agus cuirtear béim ar an gcur chuige comhtháite i leith fhoghlaim, theagasc agus fhorbairt na gceithre mhórscil teanga.

Luaitear torthaí foghlama ar leith leis na snáitheanna agus sonraítear sainscileanna teanga atá riachtanach d'fhoghlaim na Gaeilge ag leibhéal na sraithe sóisearaí sna gnéithe éagsúla sin. Cé go


[2] Cuimsíonn An Teanga ó Bhéal an éisteacht agus an labhairt

luaitear na torthaí foghlama i snáitheanna ar leith ní chiallaíonn seo go dtabharfaí faoi aon chuid ina n-aonar. Féachfar chun na scileanna agus na hinniúlachtaí éagsúla a chothú, a fhorbairt agus a bhuanú trí leas a bhaint as an gcur chuige comhtháite. Meabhraítear gur scileanna teanga neamhshrianta atá á bhforbairt den chuid is mó. Scileanna iad seo a bhíonn á sealbhú ag an scoláire ar feadh a shaoil. Dá bharr sin, beidh athrá agus forluí le sonrú sna torthaí foghlama thar na snáitheanna toisc an tábhacht a bhaineann le hathmhachnamh agus treisiú na scileanna teanga sin. Úsáidtear an téarma *gné* chun cur síos a dhéanamh ar an bhfoghlaim teanga (sainscileanna teanga) atá riachtanach taobh istigh de gach snáithe.

Seo iad na gnéithe d'fhoghlaim teanga atá i ngach ceann de na snáitheanna:

- Cumarsáid – Éisteacht, Labhairt, Léitheoireacht, Scríbhneoireacht[3]
- Ábhar, Struchtúr agus Úsáid na Teanga
- An Teanga i gComhthéacs

Fíor 2: Snáitheanna agus Gnéithe Comhtháite an tSonrúcháin




[3] Tá snáitheanna coiteanna in úsáid i leith shonrú Churaclam Teangacha na Bunscoile agus i leith Shonrúchán an Bhéarla agus na Gaeilge sa tsraith shóisearach d'fhonn eispéireas comhleanúnach, comhsheasmhach a chothú don scoláire ag foghlaim/ag forbairt na dteangacha

Leagann an sainmhíniú atá ar an bhfocal téacs sa sonrúchán tuilleadh béime ar an gceangal idir an teanga ó bhéal: éisteacht agus labhairt, an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht.

**Sainmhíniú ar théacs**

Is féidir téacs a thabhairt ar gach toradh a bhíonn ar úsáid teanga:—teanga labhartha, scríofa, físeach, nó ilmhódach. Is éard is téacs ilmhódach ann ná téacs ina bhfuil teanga agus córais chumarsáide eile in éineacht, leithéidí téacs clóite, íomhánna, fuaime agus na teanga labhartha. Trí úsáid a bhaint as an sainmhíniú ar an bhfocal *téacs* féachtar le cuimsiú a dhéanamh ar an saibhreas agus ar an éagsúlacht atá riachtanach chun an scoláire a spreagadh, agus a mheas ar theanga a chothú. Ní mór tuiscint cheart a bheith ag an léitheoir ar an mbrí atá leis an bhfocal *téacs* chun ciall a bhaint as na torthaí foghlama i ngach gné agus i ngach snáithe.

## Dul chun cinn

**An Bhunscoil**

Féachtar chun comhleanúnachas a chothú idir eispéireas an scoláire ag foghlaim na Gaeilge sa bhunscoil agus a eispéireas leis an nGaeilge sa tsraith shóisearach. Chuige seo, baineadh leas as snáitheanna coiteanna i leith shonrú churaclam comhtháite teangacha na bunscoile agus na sonrúchán ábhair don Ghaeilge agus don Bhéarla sa tsraith shóisearach. Éascóidh an cur chuige coiteann seo aistriú agus forbairt na scileanna foghlama teanga a thugann an scoláire leis go dtí an iar-bhunscoil. Luaitear torthaí foghlama ar leith chun foghlaim na chéad bhliana a stiúradh chomh maith d'fhonn comhleanúnachas a chothú, a fhorbairt agus a bhuanú trí scileanna réamhshealbhaithe a threisiú.

**An tSraith Shinsearach**

Cuirtear béim ar fhorbairt na scileanna teanga idir ghabhchumas agus ghinchumas sa sonrúchán, scileanna a sheasfaidh leis an scoláire agus é ag tabhairt aghaidh ar an nGaeilge sa tsraith shinsearach. Treisítear tábhacht an ghinchumais teanga sna torthaí foghlama sainiúla a thagraíonn don ghinchumas ó bhéal, don idirghníomhaíocht labhartha agus do phróiseas na scríbhneoireachta.

## Gearrchúrsa breise don Ghaeilge

Forbrófar gearrchúrsa breise roghnach don Ghaeilge a ghabhfaidh leis an sonrúchán ábhair seo agus a dhéanfaidh é a fhairsingiú. Tabharfaidh an gearrchúrsa deis do scoláirí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (mar aon le scoileanna eile nach iad, ar mian leo an gearrchúrsa a chur ar fáil dá scoláirí) dul i ngleic le gnéithe den teanga sa bhreis ar a bhfuil sa sonrúchán seo, le béim ar leith ar an litríocht.

## Teagasc agus Foghlaim

Is é an cur chuige comhtháite atáthar ag moladh maidir le cur i bhfeidhm an tsonrúcháin .i. cur chuige comhtháite i leith theagasc agus fhorbairt na gceithre mhórscil teanga agus na litríochta. Cuirfear deiseanna ar fáil do gach scoláire blaiseadh a fháil den litríocht (sa chiall is leithne) chun tacú lena gcuid foghlama thar thrí bliana na sraithe sóisearaí.

Chun tacú leis seo cuirfear dhá liosta de théacsanna ar fáil:

- Liosta molta d'fhoghlaim na chéad bhliana le rogha ag an múinteoir/na scoláirí maidir le téacsanna le tabhairt fúthu
- Téacsanna dualgais le gné roghnach inmheánach don dara agus don tríú bliain

Is í an Ghaeilge teanga na foghlama agus na cumarsáide sa seomra ranga Gaeilge. Féachfar chun na torthaí foghlama a bhaint amach trí chomhtháthú a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar theagasc na snáitheanna comhtháite, trí mheán na Gaeilge. Ba chóir go rachfaí i dtreo bhaint amach na dtorthaí foghlama ar bhealach gníomhach, spreagthach, aois-oiriúnach agus béim á cur ar chothú na scileanna teanga (uile) agus scileanna ginearálta foghlama araon.

Áirítear an tábhacht a bhaineann leis an gcomhrá agus leis an bplé sa seomra ranga Gaeilge agus féachtar ar an seomra ranga mar spás gníomhach Gaeilge ina dtugtar deis don scoláire an teanga féin, mar aon le smaointe agus tuairimí, a chíoradh, a mheas, a roinnt agus a phlé ó bhéal agus i bhfoirm scríofa, de réir a chumais. Forbraítear na scileanna agus inniúlachtaí cuí trí leas a bhaint as tascanna agus as gníomhaíochtaí idirghníomhacha, cumarsáideacha bunaithe ar phlé agus ar iniúchadh ar théacsanna (téacsanna ilmhódacha san áireamh) sa rang. Is tábhachtach go n-aithnítear nach mbaineann téacs leis an bhfocal scríofa amháin. Is féidir téacs a thabhairt ar gach toradh a bhíonn ar úsáid teanga:—teanga labhartha, scríofa, físeach, nó ilmhódach.[4] Moltar dá réir úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí agus tascanna cumarsáideacha, réadúla agus aois-oiriúnaithe a spreagann an chumarsáid agus a chuireann struchtúir na teanga ar shúile an scoláire ar bhealach a dhéanann cúram d'úsáid nádúrtha na teanga. Is cóir go mbunófaí na gníomhaíochtaí éagsúla ar eispéiris ábhartha an scoláire féin.

Is i gcomhthéacs a mholtar struchtúir na teanga agus an ghramadach a mhúineadh .i. an ghramadach a cheangal le hábhar an ranga sa tslí go rachaidh sé chun tairbhe na cumarsáide labhartha agus scríofa. Aithnítear go bhfuil ról ann do mhúineadh foirmiúil na gramadaí ar mhaithe le torthaí foghlama áirithe a bhaint amach chomh maith. Moltar go mbainfí leas as cur chuige bíseach i leith mhúineadh na

[4] Feic an sainmhíniú ar an bhfocal *téacs* ar lch 16

gramadaí. Is é sin go dtabharfaí athchuairt ar ghnéithe tábhachtacha maidir le struchtúir agus úsáid na teanga arís agus arís eile le linn foghlama agus teagaisc, ag díriú go sonrach ar ghnéithe a chothaíonn deacrachtaí do scoláirí. Tagann an cur chuige seo go mór leis an mbéim atá ar fhéinfheasacht an fhoghlaimeora mar fhoghlaimeoir teanga sa sonrúchán trí chéile agus, tacaíonn sé go láidir le forbairt phríomhscileanna na sraithe sóisearaí.

Féachtar chun fairsinge agus doimhneacht a choimeád sa sonrúchán seo d'fhonn leibhéal saoirse agus spreagadh cuí a chothú ionas gur féidir an fhoghlaim agus an teagasc a dhifreáil do riachtanais agus do chomhthéacsanna teagaisc. Dearadh an sonrúchán le híosmhéid de 240 uair an chloig de chaidreamh thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Moltar gur fiú raon leathan deiseanna foghlama spéisiúla agus fiúntacha a chur ar fáil don scoláire agus gur fiú sin a chur san áireamh le linn pleanála.

# Ionchais maidir le scoláirí

Is scáth-théarma é ionchais maidir le scoláirí a nascann torthaí foghlama le samplaí anótáilte de shaothar scoláirí i sonrúchán an ábhair. Má bhíonn múinteoirí, scoláirí nó tuismitheoirí ag breathnú ar an sonrúchán ar líne agus iad ag scrollú thar na torthaí foghlama, tiocfaidh siad ar nasc amanna chuig samplaí oibre a bhaineann le toradh foghlama ar leith nó le grúpa de thorthaí foghlama. Roghnófar na samplaí de shaothar scoláirí chun ionchais a léiriú agus beidh siad anótáilte ag múinteoirí. Áireofar i measc na samplaí obair

- atá ag teacht leis na hionchais
- a sháraíonn na hionchais
- nár shroich na hionchais fós.

Is é an cuspóir atá leis na samplaí de shaothar scoláirí a léiriú a mhéad atá torthaí foghlama á mbaint amach i gcásanna fíora. Cuirfear samplaí anótáilte de shaothar scoláirí a d'fhorbair múinteoirí isteach le hais an tsonrúcháin.

# Torthaí foghlama

Is ráitis iad na torthaí foghlama a chuireann síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna ba chóir do scoláirí a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dóibh staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge sa tsraith shóisearach. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire. Faoi mar atá siad leagtha amach anseo léiríonn siad torthaí do scoláirí ag deireadh a dtrí bliana staidéir. Leagann an sonrúchán amach gur le haghaidh trí bliana atá na torthaí foghlama agus mar sin de, cé nach mbeidh torthaí foghlama a ndírítear orthu ag pointe ama ar leith 'críochnaithe' fós, leanfaidh siad orthu ag tacú le foghlaim an scoláire sa Ghaeilge go dtí deireadh na sraithe sóisearaí.

Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist sa chéad dul síos go gcabhródh an t-uimhriú le pleanáil múinteoirí agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin. Tá roinnt forluí agus athrá sna torthaí foghlama trasna na snáitheanna, rud atá riachtanach. Éiríonn sé sin go nádúrtha ó chomhtháthú foghlama teanga, agus cuireann sé béim air, tríd An Teanga ó Bhéal, An Léitheoireacht agus An Scríbhneoireacht. Déanfar tacar de thorthaí foghlama a shainaithint don **mheasúnú deiridh**. Na Torthaí a bhfuil siombail***** curtha leo is tacar de thorthaí foghlama iad sin d'fhoghlaim agus d'obair na chéad bhliana. Tugtar Gaeilge na sraithe sóisearaí ag dhá leibhéal, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, agus léireofar é sin sa mheasúnú deiridh. Beidh cur síos agus léargas ag dul le saothar scoláirí atá nasctha le torthaí foghlama agus cabhróidh siad sin le difreáil.

| Snáithe: An Teanga Ó Bhéal: Éisteacht agus Labhairt | |
|---|---|
| **Gnéithe** | **Torthaí Foghlama**<br><br>*Agus an scoláire ag éisteacht agus ag labhairt, ba cheart go mbeadh ar a chumas …* |
| **Cumarsáid — Éisteacht, labhairt, léitheoireacht, scríbhneoireacht** | 1.1 cumarsáid éifeachtach, mhuiníneach a dhéanamh i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus dá réir taitneamh a bhaint as bheith rannpháirteach i gcomhráite trí Ghaeilge<br>1.2 éisteacht go haireach, go tuisceanach, le cainteoir(í) eile ar mhaithe le brí/ciall a aithint, a chóimheas agus a mheas<br>1.3 comhrá a fhorbairt agus plé domhain a dhéanamh ar eispéiris ábhartha*<br>1.4 eolas a lorg, a aimsiú, a mheá agus a roinnt ar raon leathan ábhar agus tuairimí a nochtadh, a cheistiú agus a chosaint ina aonar agus i gcomhpháirt ag úsáid raon leathan acmhainní<br>1.5 téacsanna ó bhéal agus téacsanna i mórchanúintí na Gaeilge i réimeanna (teanga) éagsúla a thuiscint agus a phlé<br>1.6 téacsanna ó bhéal a chruthú agus a chur i láthair ina aonar agus/nó i gcomhpháirt ag baint úsáide as teanga, stíleanna agus ábhar amharcach cuí don lucht éisteachta*<br>1.7 braistintí agus mothúcháin a aithint, a thuiscint agus a chur in iúl*<br>1.8 a stór focal pearsanta féin, idir éighníomhach agus ghníomhach, a threisiú |
| **Ábhar, struchtúr agus úsáid na teanga** | 1.9 ceart-úsáid na teanga a aithint agus a úsáid ina aonar agus/nó i gcomhpháirt<br>1.10 fuaimeanna na Gaeilge a shainaithint is a fhuaimniú i gceart*<br>1.11 tuiscint go bhfuil trí mhórchanúint ag an nGaeilge a cheadaíonn difríochtaí logánta maidir le gnéithe áirithe teanga*<br>1.12 saibhreas teanga agus eiseamláirí den deismireacht chainte a aithint (i raon éagsúla téacsanna) agus a úsáid*<br>1.13 léiriú gur féidir leis dul i ngleic le heiseamláirí nua den teanga |

| Snáithe: An Teanga Ó Bhéal: Éisteacht agus Labhairt | |
|---|---|
| **An teanga i gcomhthéacs** | 1.14 an Ghaeilge mar chuid d'oidhreacht na hÉireann a thuiscint agus cúlra stairiúil na teanga (mar theanga bheo) a léirthuisicint ag cur le meon dearfach i leith na Gaeilge<br>1.15 an t-ilteangachas a léirmhíniú agus an gaol idir an Ghaeilge agus teangacha eile a thuiscint<br>1.16 an Ghaeilge mórthimpeall (ina cheantar féin) a aithint agus a phlé*<br>1.17 tuiscint gur ann do na meáin Ghaeilge agus úsáid chuí a bhaint astu* |

| Snáithe: An Léitheoireacht | |
|---|---|
| **Gnéithe** | **Torthaí Foghlama**<br>*Agus an scoláire ag breathnú agus ag léamh, ba cheart go mbeadh ar a chumas …* |
| **Cumarsáid — Éisteacht, labhairt, léitheoireacht, scríbhneoireacht** | 2.1 téacsanna atá ar fáil i bhformáidí éagsúla agus i mórchanúintí na Gaeilge a léamh le líofacht, le tuiscint ag baint leasa as foghraíocht chruinn agus ag úsáid raon straitéisí dí-chódaithe cuí*<br>2.2 sainréimeanna agus seánraí éagsúla teanga a aithint, a chóimheas agus a léirmhíniú<br>2.3 sásamh a bhaint as saothair a léamh (de réir a chumais) ar mhaithe le foghlaim, le taighde agus mar chaitheamh aimsire ag foghlaim faoi ghnéithe de chás an duine agus den domhan, agus faoi imeachtaí an tsaoil mhóir*<br>2.4 úsáid a bhaint as raon straitéisí léamhthuisceana atá oiriúnach do na téacsanna, téacsanna ilmhódacha san áireamh, chun cur lena réamheolas; teacht ar eolas nua; eolas a mheá, a roinnt, a cheistiú, a anailísiú; a shintéisiú agus a mheas*<br>2.5 mór-imeachtaí, carachtair agus mórghnéithe (radhairc, íomhánna…) eile i dtéacsanna nó sa saol a aithint, a léirthuiscint, agus freagairt dóibh, ina aonar nó i gcomhpháirt agus freagairt dóibh ag baint úsáide as stór focal criticiúil, cuí |

| Snáithe: An Léitheoireacht | |
|---|---|
| **Ábhar, struchtúr agus úsáid na teanga** | 2.6 an Ghaeilge scríofa a léamh os ard agus a fhuaimniú i gceart agus go cruinn*<br>2.7 eiseamláirí den dea-úsáid teanga agus den dea-scríbhneoireacht a aithint, a athúsáid agus dul i ngleic le heiseamláirí nua den teanga<br>2.8 a stór focal éighníomhach agus gníomhach a leathnú amach*<br>2.9 cruinneas agus ceart na teanga a aithint*<br>2.10 acmhainní teanga a úsáid (foclóirí agus ríomhfhoclóirí, graiméir, seiceálaithe gramadaí agus litrithe, srl.) ar mhaithe le sealbhú teanga agus rochtain ar fhaisnéis a éascú* |
| **An teanga i gcomhthéacs** | 2.11 eiseamláirí den teanga scríofa timpeall air a aithint*<br>2.12 eolas a bhailiú faoin nGaeilge ina cheantar féin ó fhoinsí éagsúla*<br>2.13 smaointe ar an ilteangachas agus gaol na Gaeilge le teangacha eile a scrúdú agus a mheas |

| Snáithe: An Scríbhneoireacht | |
|---|---|
| **Gnéithe** | **Torthaí Foghlama**<br>*Agus an scoláire ag scríobh, ba cheart go mbeadh ar a chumas …* |
| **Cumarsáid — Éisteacht, labhairt, léitheoireacht, scríbhneoireacht** | 3.1 eolas agus tuairimí faoi raon leathan ábhar a roinnt, a chosaint agus a phlé ar bhealach neamhfhoirmiúil agus foirmiúil ag úsáid raon leathan acmhainní<br>3.2 cur síos ar mhór-imeachtaí, carachtair agus ar mhórghnéithe (radhairc, íomhánna…) eile i dtéacsanna nó sa saol, agus freagairt dóibh, ina aonar nó i gcomhpháirt ag baint úsáide as stór focal criticiúil, cuí*<br>3.3 sásamh agus taitneamh a bhaint as réimse de théacsanna a sholáthar i nGaeilge dó féin agus do dhaoine eile (mar shampla téacs ilmhódach; tuairisc; scéal; blag; léirmheas…) ag cothú a stíl phearsanta scríbhneoireachta féin*<br>3.4 déileáil le raon leathan ábhar, réimeanna teanga mar aon le gnéithe samhlaíocha, cruthaitheacha agus aeistéitiúla den teanga chun téacsanna a |

| Snáithe: An Scríbhneoireacht | |
|---|---|
| | chruthú i raon seánraí ag léiriú tuiscint ar an gcuspóir agus ar an lucht éisteachta araon<br>3.5 plé a dhéanamh ar a obair scríofa féin, comhairle a feabhsaithe a lorg agus tuairimí cuiditheacha a phlé agus a roinnt i dtaobh obair scoláirí eile |
| **Ábhar, struchtúr agus úsáid na teanga** | 3.6 gnásanna poncaíochta, litrithe agus scríbhneoireachta a aithint agus a chur i bhfeidhm*<br>3.7 struchtúr agus comhréir na Gaeilge a aithint, a thuiscint agus a úsáid<br>3.8 ceart-úsáid na teanga a aithint (ina aonar agus/nó i gcomhpháirt) agus a chur i bhfeidhm*<br>3.9 struchtúr a chur ar a chuid scríbhneoireachta féin; déileáil le príomhphointí agus fophointí; pointí a eagrú san ord ceart; réamhrá agus conclúid a chur lena chuid scríbhneoireachta*<br>3.10 dul i ngleic le próiseas na scríbhneoireachta chun dréachtú, eagarthóireacht agus athdhréachtú a dhéanamh ar a chuid scríbhneoireachta féin a rachaidh chun sochair a chuid scríbhneoireachta féin agus lucht a léite<br>3.11 cur lena stór focal gníomhach agus triail a bhaint as eiseamláirí den teanga atá nuafhoghlamtha ina chuid scríbhneoireachta |
| **An teanga i gcomhthéacs** | 3.12 gnásanna scríbhneoireachta agus ríomhscríbhneoireachta (.i. bunscileanna méarchláir) na Gaeilge a chur i bhfeidhm*<br>3.13 forbhreathnú ginearálta ar ghnéithe de chúlra stairiúil na Gaeilge a chur i láthair ina aonar agus/nó i gcomhpháirt ag baint leasa as acmhainní cuí<br>3.14 raon leathan téacsanna éagsúla a chruthú agus a sholáthar d'imeachtaí éagsúla na scoile, ina aonar nó i gcomhpháirt, faoi ghnéithe áirithe den teanga* |

# Measúnú

**Measúnú i nGaeilge na sraithe sóisearaí**

Baineann measúnú san oideachas le heolas faoi phróisis agus faoi thorthaí na foghlama a bhailiú, a léirmhíniú agus a úsáid. Tá cineálacha éagsúla ann agus is féidir é a úsáid ar bhealaí difriúla, amhail gnóthachtáil a thástáil agus a dheimhniú, an chonair chuí atá le tógáil trí churaclam difreálach a shocrú d'fhoghlaimeoirí, nó chun réimsí deacrachta (nó láidreachta) ar leith a shainaithint d'fhoghlaimeoir áirithe. Cé gur féidir teicnící difriúla a úsáid le haghaidh cuspóirí múnlaitheacha, diagnóiseacha agus deimhniúcháin, éiríonn le measúnú de chineál ar bith foghlaim a fheabhsú trí thionchar dearfach a imirt ar an gcuraclam ag gach leibhéal. Chun é sin a dhéanamh ní mór go léireofaí ann an réimse iomlán spriocanna curaclaim.

Tá an measúnú sa tsraith shóisearach ag brath ar dheiseanna a sholáthar don scoláire chun aidhmeanna agus spriocanna soiléire a shocrú ina chuid foghlama agus ar fheabhas an aiseolais fhócasaithe a fhaigheann sé chun tacú lena chuid foghlama. Gné an-tábhachtach go deo den mheasúnú ardchaighdeáin is ea an t-aiseolas fócasaithe a thugtar don scoláire ar a chuid foghlama agus is eochairthoisc í maidir le cumas a thógáil sa scoláire chun a chuid foghlama féin a bhainistiú agus chun é a ghríosú le fanacht i gceann taisc nó fadhb chasta. Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid chun aiseolas mionsonraithe a sholáthar a dhíríonn ní amháin ar conas a d'éirigh leis an scoláire san obair a rinneadh go díreach ach freisin ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh breis foghlama.

Go bunúsach, is é feidhm an mheasúnaithe ag an gcéim seo san oideachas tacú leis an bhfoghlaim. Chun cabhrú lena gcuid rannpháirtíochta sa mheasúnú, beidh teacht ag múinteoirí agus ag scoileanna ar Uirlisí Úsáide Measúnaithe agus Modhnóireachta. I dteannta an treoirleabhair ar mhodhnóireacht scoil-dírithe, cuimseoidh na hUirlisí Úsáide ábhar tacaíochta foghlama, teagaisc agus measúnaithe, lena n-áirítear:

Measúnú múnlaitheach

Pleanáil le haghaidh measúnú agus é a dhearadh

Tascanna measúnaithe le húsáid sa seomra ranga

Breithiúnas a thabhairt ar obair scoláirí – ag breathnú ar ionchais maidir le foghlaimeoirí agus ar ghnéithe cáilíochta

Ag tuairisciú do thuismitheoirí

Ag meabhrú ar mheasúnú: smaointe, taighde agus machnaimh

Gluais ar théarmaí measúnaithe agus modhnóireachta


Gné riachtanach den dearbhú cáilíochta is ea inneachair na nUirlisí Úsáide, agus áireoidh siad an réimse tacaí, comhairle, treoirlínte agus eiseamláirithe atá ann don mheasúnacht chun ligean do scoileanna agus do mhúinteoirí bheith ag plé go heolasach, go muiníneach agus go cinnte leis an gcóras nua measúnaithe.

## Measúnú don teistiúchán

Beidh dhá chomhpháirt i gceist leis an measúnú don teistiúchán: an chomhpháirt scoilbhunaithe agus an measúnú deiridh. Cuimseoidh an obair scoilbhunaithe 40% de na marcanna le 60% de mharcanna don mheasúnú deiridh. Leis an obair scoilbhunaithe tá dhá phríomhghné i gceist: **tascanna béil** agus **tasc scríofa**. Beidh **trí thasc** le cur i gcrích: tasc labhartha, comhrá idirghníomhach agus tasc scríofa. Beidh dlúthbhaint ag na tascanna seo le hobair bhéil, léitheoireachta agus scríofa na scoláirí le linn an dara agus an tríú bliain den tsraith shóisearach. Ní chuirtear obair na chéad bhliana san áireamh don mheasúnú don teistiúchán.

### Na Tascanna measúnaithe sa chomhpháirt scoilbhunaithe

Fíor 3: Na Tascanna measúnaithe sa chomhpháirt scoilbhunaithe



**Tascanna béil:** Beidh **dhá thasc béil** le cur i gcrích ag an scoláire don mheasúnú don teistiúchán sa chomhpháirt scoilbhunaithe:

| TASC LABHARTHA | COMHRÁ IDIRGHNÍOMHACH |
|---|---|
| béim ar chumarsáid agus ullmhúchán | béim ar chumas sa teanga a úsáid, stór Gaeilge agus idirghníomhaíocht labhartha |

Tá tábhacht nach beag ag baint le cothú agus forbairt mhuinín an scoláire i dtaobh labhairt na Gaeilge ag leibhéal na sraithe sóisearaí i suíomhanna ar leith lena n-áirítear suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Leagtar béim sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú ar threisiú céimnithe scileanna cumarsáide agus inniúlachtaí labhartha an scoláire de réir a chéile, thar thréimhse na foghlama sa tsraith shóisearach. Féachfar chun deiseanna cuí a chur ar fáil don scoláire le linn an dara agus an tríú bliain chun an Ghaeilge a úsáid, a chleachtadh agus a neartú. Ag tacú leis an mbéim seo ar chumas labhartha an scoláire, tabharfar deis don scoláire sa dara (an tasc labhartha) agus sa tríú bliain (an comhrá) a ghinchumas labhartha[5] a léiriú sna tascanna béil atá mar chuid den mheasúnú sa chomhpháirt scoilbhunaithe.

### Tasc scríofa

Is de réir a chéile a fhorbraítear stíl phearsanta scríbhneoireachta. Sa tasc seo díreofar ar chumas an scoláire tascanna scríofa éagsúla a chur i gcrích.

## Ualú na marcanna do chomhpháirteanna an mheasúnaithe

Tábla 4: Ualú na marcanna do chomhpháirteanna an mheasúnaithe

| | | |
|---|---|---|
| **Comhpháirt scoilbhunaithe** | 40% | 160 marc |
| **Measúnú deiridh** | 60% | 240 marc |

[5] Tá an ginchumas ó bhéal mar aon leis an idirghníomhaíocht labhartha san áireamh anseo

**Ualú na marcanna agus amlíne do chomhpháirteanna scoilbhunaithe an mheasúnaithe**

Tábla 5: Miondealú na marcanna agus an t-amlíne do chomhpháirteanna scoilbhunaithe

| Comhpháirt | Marc | Spriocdháta taiscthe | Cruinniú Modhnóireachta |
|---|---|---|---|
| **TASCANNA BÉIL [120 marc]** | | | |
| - **Tasc Labhartha** | 60 marc | roimh Nollaig Bl. 2 | deireadh Bl. 2 |
| - **Comhrá Idirghníomhach** | 60 marc | roimh Nollaig Bl. 3 | Nollaig Bl. 3 |
| **TASC SCRÍOFA [40 marc]** | | | |
| **Tasc Scríofa** | 40 marc | roimh dheireadh Bl. 2 | deireadh Bl. 2 |

# Réasúnaíocht do thascanna an mheasúnaithe

Tabharfar deiseanna don scoláire le linn na dtrí bliana den tsraith shóisearach a chuid Gaeilge a fhoghlaim, a fheabhsú agus a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí taitneamhacha, réadúla agus aois-oiriúnaithe. Trí na gníomhaíochtaí seo forbrófar inniúlachtaí (cumarsáideacha, pragmatacha, sochtheangeolaíochta), feidhmíocht, scileanna foghlama, scileanna teanga agus scileanna litearthachta a chuirfidh ar chumas an scoláire na torthaí foghlama a bhaint amach. Nascann na tascanna measúnaithe le gnéithe tábhachtacha den fhorbairt sin agus cuireann na tascanna béim ar na gnéithe is mó tábhacht don fhoghlaim agus don teagasc i leith ghabhchumas agus ghinchumas an scoláire.

### Tasc Labhartha

Tá dhá phríomhghné i gceist leis an measúnú ar an tasc labhartha: **cumarsáid agus ullmhúchán**. Roghnóidh an scoláire topaic/ceist/ábhar ar spéis leis agus baileoidh sé eolas faoin topaic/gceist/ábhar. Ullmhóidh agus cuirfidh sé an t-eolas sin i láthair an ranga (áirítear gur féidir leas

a bhaint as cuir chuige ilghnéitheacha anseo mar atá; cur i láthair, taibhiú, agallamh, freagairt d'ábhar spreagthach agus araile). Beidh béim anseo ar chumas an scoláire an teanga a úsáid, ar chruinnúsáid na teanga, agus ar scileanna cumarsáide agus féinléirithe an scoláire. Áirítear tábhacht ar leith leis an réamhobair agus leis an ullmhúchán don tasc. Chuige seo coinneoidh an scoláire nóta gairid a dhéanann cur síos ar an ullmhúchán a rinneadh don tasc. Beidh béim ar scileanna níos leithne freisin mar atá; ag lorg eolais, ag roinnt tuairimí, ag déanamh taighde agus araile.

Tá an fhéidearthacht ann leas a bhaint as obair ghrúpa don réamhobair/ullmhúchán, is é sin; roghnú an ábhair, ag bailiú eolais, ag léamh agus ag cleachtadh don chur i láthair agus leis an idirghníomhaíocht (.i. ag freagairt ceisteanna, ag tabhairt mínithe, ag cosaint tuairimí) le linn an chuir i láthair .i. d'fhéadfadh go mbeadh scoláirí ag cur ceiste ar an láithreoir le linn an chuir i láthair nó/mar aon le ceist(eanna) ón múinteoir faoin ábhar. D'fhonn modhnóireacht a éascú ar obair ó bhéal ní mór fianaise a thaifeadadh.

Tugann an tasc seo deis don scoláire:

- ábhar taitneamhach, ábhartha dá shaol a roghnú
- eolas a lorg, a aimsiú ar ábhar
- taighde a dhéanamh ar ábhar
- obair i gcomhpháirt le scoláirí eile
- scileanna féinléirithe a fhorbairt
- cumas teanga a léiriú

Tá na torthaí foghlama thíos i measc na dtorthaí foghlama is féidir a mheasúnú sa tasc labhartha seo:

| An Teanga Ó Bhéal | Léitheoireacht | Scríbhneoireacht |
|---|---|---|
| 1.1, 1.2, 1.3,1.4, 1.6, 1.9, 1.10 | 2.3, 2.4, 2.8, 2.10 | 3.2, 3.8, 3.12 |

**Déanfar measúnú sa tasc seo orthu seo a leanas:**

- cumas an teanga a úsáid (idirghníomhú/scileanna teanga) [15 mharc]
- ceartúsáid na teanga (ag díriú ar thuiscint, ar stór focal, ar fhuaimniú agus ar phríomhstruchtúir na teanga) [15 mharc]
- cumas é féin a chur in iúl go héifeachtach agus go soiléir mar aon lena scileanna féinléirithe [15 mharc]

- ullmhúchán don tasc (roghnú topaice, taighde) [15 mharc]

**Cuirtear rannpháirtíocht an scoláire leis an tasc labhartha chun cinn tríothu seo a leanas:**

- machnamh a dhéanamh ar an ábhar agus roghnú an ábhair
- rogha a thabhairt agus cinneadh a dhéanamh faoin bhformáid chumarsáide/teicneolaíocht is oiriúnaí don chur i láthair
- féidearthachtaí bainteach le bheith ag obair i gcomhpháirt le scoláire(í) eile

**Ag déanamh measúnú ar an tasc labhartha**

**Na Gnéithe Cáilíochta**

Cuirtear na gnéithe cáilíochta don tasc labhartha a thacaíonn le breithiúnas scoláire agus an mhúinteora i láthair anseo. Is iad na gnéithe cáilíochta na critéir a úsáidfear chun obair an scoláire a mheas.

**Gnéithe Cáilíochta: Tasc Labhartha**

| Marc | Gnéithe Cáilíochta |
|---|---|
| **Gradam**<br><br>**(90-100%)** | • Cruinn le comhréir agus fuaimeanna ar ardchaighdeán<br>• Cumas cumarsáide sármhaith ar fad, ábalta é féin a chur in iúl go cumasach, go héifeachtach agus go muiníneach<br>• Tuiscint agus líofacht shármhaith le stór focal saibhir in úsáid<br>• Sárchumasach ag déileáil le ceisteanna<br>• Sárullmhaithe; is léir go ndearnadh go leor oibre don tasc roimh ré |
| **Ardtuillteanas**<br>**(75-89%)** | • Cruinn le foghraíocht agus comhréir ar chaighdeán an-mhaith<br>• Cumas cumarsáide den scoth, ábalta é féin a chur in iúl go héifeachtach, muiníneach<br>• Tuiscint ar ardchaighdeán le stór focal fairsing in úsáid<br>• An-chumasach ag déileáil le ceisteanna<br>• An-ullmhaithe; is léir go ndearnadh go leor ullmhúcháin don tasc roimh ré |
| **Tuillteanas**<br><br>**(55-74%)** | • Cruinn go leor le fuaimeanna agus comhréir mhaith, botúin choitianta le sonrú ach gan iad a bheith ró-thromchúiseach<br>• Cumas cumarsáide maith, ábalta é féin a chur in iúl go maith le dul na Gaeilge cé nach bhfuil an Ghaeilge chomh saibhir sin<br>• Tuiscint agus stór focal beagáinín níos teoranta ach go maith mar sin féin<br>• In ann déileáil le ceisteanna go réidh<br>• Ullmhaithe go maith; obair déanta roimh ré |
| **Gnóthaithe**<br><br>**(40-54%)** | • Deacrachtaí le fuaimniú na bhfocal agus botúin choitianta, leanúnacha le sonrú go háirithe leis na príomhstruchtúir<br>• Cumas cumarsáide sásúil, éiríonn leis é féin a chur in iúl go cuíosach, in ainneoin roinnt deacrachtaí<br>• Tuiscint réasúnta agus stór focal teoranta go leor ach sásúil ar an iomlán<br>• Réasúnta ábalta freagraí a thabhairt ar cheisteanna<br>• Réasúnta ullmhaithe; fianaise ar obair éigin déanta roimh ré |
| **Páirtghnóthaithe**<br><br>**(20-39%)** | • Iarracht déanta chun cumarsáid a chruthú in ainneoin deacrachtaí móra le struchtúir/comhréir na teanga<br>• Tuiscint an-teoranta agus stór focal bearnach<br>• Botúin mhóra leanúnacha le fuaimniú na bhfocal<br>• Deacrachtaí/easpa tuisceana le sonrú ag déileáil le ceisteanna<br>• Is léir nach ndearnadh dóthain ullmhúcháin roimh ré |

## Marcáil

Ar an iomlán tá 120 marc ag dul do na tascanna béil; **60 don tasc labhartha** agus 60 don chomhrá idirghníomhach. Tá na scéimeanna marcála thíos bunaithe ar na gnéithe cáilíochta agus dá bharr ba chóir iad a úsáid mar phointe tagartha ag tabhairt marcanna do mheasúnú bunaithe ar fheidhmíocht. Ní thugtar grád faoi bhun 20%.

Bronntar marc ó gach sraith sa ghreille bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúil an mhúinteora. Déantar machnamh ar na gnéithe cáilíochta ceann ar cheann, ag dul ón leibhéal páirtghnóthaithe suas go dtí an leibhéal gnóthachtála is airde a fhreagraíonn go hiomlán d'obair an scoláire. Nuair a shroichtear leibhéal nach bhfreagraíonn ina iomláine don obair, ní chuirtear aon leibhéal níos airde san áireamh.

**Greille ag léiriú mhiondealú na marcanna don tasc labhartha**

| TASC LABHARTHA | gradam | ardtuillteanas | tuillteanas | gnóthaithe | páirtghnóthaithe | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cumas an teanga a úsáid | (13-15) | (11-12) | (8-10) | (6-7) | (0-5) | 15 |
| Ceartúsáid na teanga | (13-15) | (11-12) | (8-10) | (6-7) | (0-5) | 15 |
| Scileanna cumarsáide | (13-15) | (11-12) | (8-10) | (6-7) | (0-5) | 15 |
| Nóta ullmhúcháin | (13-15) | (11-12) | (8-10) | (6-7) | (0-5) | 15 |

## Comhrá

Tá dhá phríomhghné i gceist leis an measúnú ar an gcomhrá: **cumas cumarsáide** (cumas a bheith in ann déileáil le bun-chomhrá go réasúnta éifeachtach) agus **cumas idirghníomhaíochta**. Bunófar an comhrá ginearálta ar ghnáthshaol an scoláire féin (a shaol féin: an gharthimpeallacht agus an saol timpeall air: an chiantimpeallacht[6]). Beifear ag súil go mbeadh an scoláire in ann eolas a thabhairt, tuairimí a léiriú/nochtadh mar aon le cur síos a dhéanamh ar chúrsaí garthimpeallachta agus ciantimpeallachta.

Féachfar ar chumas idirghníomhaíochta labhartha an scoláire (cumas an scoláire an teanga a úsáid chun .i. cead a iarraidh, tuilleadh eolais a lorg, leithscéal a ghabháil, buíochas a chur in iúl, beannú do dhuine, slán a fhágáil, tuairimí a léiriú, a nochtadh, a chosaint, díospóireacht agus araile[7]) agus é ag freagairt d’ábhar spreagtha éigin (nach mbeidh feicthe ag an scoláire roimh ré). Cuirtear an bhéim ar an gcaint spontáineach a mhealladh agus deiseanna fíorchumarsáide a chothú chun fianaise a fháil ar chumas cumarsáide an scoláire.

Tugann an tasc seo deis don scoláire:

- scileanna féinléirithe a fhorbairt agus a fheabhsú
- scileanna cumarsáide a fhorbairt agus a fheabhsú
- cumas teanga a léiriú

D’fhonn modhnóireacht a éascú ní mór fianaise a thaifeadadh.

Tá na torthaí foghlama thíos i measc na dtorthaí foghlama is féidir a mheasúnú sa tasc béil seo:

| An Teanga Ó Bhéal | Léitheoireacht | Scríbhneoireacht |
|---|---|---|
| 1.1,1.2,.1.3.1.4,1.7,1.8,1.9, 1.10, 1.12 | 2.4, 2.7 | 3.1, 3.2 |

**Déanfar measúnú sa tasc seo orthu seo a leanas:**

- cumas Gaeilge (cruinneas, saibhreas agus foghraíocht na teanga) [20 marc]
- cumas idirghníomhaíochta an scoláire agus é ag freagairt d’ábhar spreagtha [20 marc]
- cumas cumarsáide (tuiscint, stór Gaeilge agus straitéisí cumarsáide) [20 marc]

---

[6] Ábhair bunaithe ar thaithí agus eispéireas saoil an scoláire atá aois-oiriúnaithe agus feiliúnach

[7] Tabhair faoi deara nach liosta uileghabhálach atá anseo. Díreofar ar chumas an scoláire an teanga a úsáid

### Ag déanamh measúnú ar an gcomhrá idirghníomhach

### Na Gnéithe Cáilíochta

Cuirtear na gnéithe cáilíochta don chomhrá idirghníomhach a thacaíonn le breithiúnas scoláire agus an mhúinteora i láthair anseo. Is iad na gnéithe cáilíochta na critéir a úsáidfear chun obair an scoláire a mheas.

**Gnéithe Cáilíochta: Comhrá Idirghníomhach**

| Marc | Gnéithe Cáilíochta |
|---|---|
| **Gradam**<br><br>**(90-100%)** | • Tuiscint agus líofacht shármhaith le stór focal saibhir in úsáid<br>• Ardchaighdeán bainte amach idir chruinneas, shaibhreas agus fhoghraíocht na teanga<br>• Ábalta é féin a chur in iúl go cumasach, éifeachtach, muiníneach<br>• Sár-ábalta freagairt don ábhar spreagtha agus dul i ngleic leis go cumasach |
| **Ardtuillteanas**<br><br>**(75-89%)** | • Tuiscint ar ardchaighdeán le stór focal fairsing in úsáid<br>• Cruinneas ar chaighdeán an-mhaith agus Gaeilge shaibhir in úsáid le foghraíocht chruinn<br>• Ábalta é féin a chur in iúl go héifeachtach, muiníneach<br>• An-ábalta freagairt don ábhar spreagtha agus dul i ngleic leis |
| **Tuillteanas**<br><br>**(55-74%)** | • Breá muiníneach le dul na Gaeilge ag an scoláire cé nach bhfuil an Ghaeilge chomh saibhir sin agus tuiscint agus stór focal níos teoranta ach go maith mar sin féin<br>• Cruinn go leor ach botúin choitianta ghramadaí agus chomhréire sa chaint mar aon le botúin choitianta foghraíochta le sonrú<br>• Ábalta é féin a chur in iúl<br>• Ábalta freagairt don ábhar spreagtha agus dul i ngleic leis |
| **Gnóthaithe**<br><br>**(40-54%)** | • Stadach go leor i mbun cainte, le stór focal teoranta go leor mar aon le deacrachtaí le fuaimniú na bhfocal ach sásúil mar sin féin<br>• Botúin leanúnacha, choitianta sa ghramadach agus sa chomhréir go sonrach<br>• Ábalta é féin a chur in iúl go cuíosach ach deacrachtaí mar sin féin<br>• Réasúnta ábalta freagairt don ábhar spreagtha agus iarracht éigin déanta dul i ngleic leis |
| **Páirtghnóthaithe**<br><br>**(20-39%)** | • Bearnaí móra sa tuiscint (easpa tuisceana) agus sa stór focal<br>• Botúin thromchúiseacha le sonrú i mbunstruchtúir na teanga agus deacrachtaí móra le fuaimniú na bhfocal<br>• Níl an scoláire ábalta é féin a chur in iúl go soiléir (cumarsáid bhriste, theoranta)<br>• Iarracht theoranta déanta freagairt don ábhar spreagtha (iarracht déanta ar chur síos a dhéanamh) ach níor éirigh leis an scoláire dul i ngleic leis |

## Marcáil

Tá 120 marc ag dul do na tascanna béil ar an iomlán; 60 don tasc labhartha agus **60 don chomhrá idirghníomhach**. Tá na scéimeanna marcála thíos bunaithe ar na gnéithe cáilíochta agus dá bharr ba chóir iad a úsáid mar phointe tagartha ag tabhairt marcanna do mheasúnú bunaithe ar fheidhmíocht. Ní thugtar grad faoi bhun 20%.

Bronntar marc ó gach sraith sa ghreille bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúil an mhúinteora. Déantar machnamh ar na gnéithe cáilíochta ceann ar cheann, ag dul ón leibhéal páirtghnóthaithe suas go dtí an leibhéal gnóthachtála is airde a fhreagraíonn go hiomlán d'obair an scoláire. Nuair a shroichtear leibhéal nach bhfreagraíonn ina iomláine don obair, ní chuirtear aon leibhéal níos airde san áireamh.

**Greille ag léiriú mhiondealú na marcanna don chomhrá idirghníomhach**

| COMHRÁ IDIRGHNÍOMHACH | gradam | ardtuillteanas | tuillteanas | gnóthaithe | páirtghnóthaithe | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cumas Gaeilge | (18-20) | (15-17) | (11-14) | (8-10) | (4-7) | 20 |
| Cumas cumarsáide | (18-20) | (15-17) | (11-14) | (8-10) | (4-7) | 20 |
| Idirghníomhaíocht labhartha | (18-20) | (15-17) | (11-14) | (8-10) | (4-7) | 20 |

## Tasc Scríofa (Píosaí Scríbhneoireachta)

Cuimseoidh seo fianaise ar dhea-obair scríofa atá curtha i gcrích ag an scoláire le linn gnáthobair ranga. Aithnítear go forleathan gur de réir a chéile a fhorbraítear stíl phearsanta scríbhneoireachta. Sa tasc seo díreofar ar chumas an scoláire tascanna scríofa éagsúla a chur i gcrích. Baineann seo go dlúth leis an ngnáthobair ranga agus eascróidh na píosaí scríofa as an ngnáthobair ranga; alt gearr, nóta, ríomhphost, scéal, aiste, tuairisc, léirmheas ar scannán/shingil/albam agus araile[8]. Tugtar deis don scoláire téacsanna éagsúla a chruthú, téacsanna ilmhódacha san áireamh. Roghnóidh an scoláire féin dhá phíosa scríbhneoireachta mar dhea-shamplaí/fianaise le cur ar aghaidh don mheasúnú[9].

Tugann an tasc seo deis don scoláire:

- ábhar taitneamhach, ábhartha a roghnú
- eolas a lorg, a aimsiú ar ábhar
- taighde a dhéanamh ar ábhar agus ar théacsanna eile
- téacs a chruthú (téacsanna digiteacha san áireamh)

Tá na torthaí foghlama thíos i measc na dtorthaí foghlama is féidir a mheasúnú sa tasc seo:

| An Teanga Ó Bhéal | Léitheoireacht | Scríbhneoireacht |
|---|---|---|
| 1.4, 1.5, 1.6, 1.8, 1.12 | 2.5, 2.10 | 3.1, 3.2, 3.3, 3.4, 3.9, 3.10, 3.11,3.12 |

**Déanfar measúnú sa tasc seo orthu seo a leanas:**

- ceartúsáid na teanga & saibhreas (ag díriú go sonrach ar thuiscint, ar chomhréir, ar ghramadach agus ar shaibhreas na teanga) [20 marc]
- struchtúr & ábhar (ag díriú ar struchtúr agus ar láimhseáil an ábhair) [10 marc]
- oiriúnacht teanga don chomhthéacs [10 marc]

**Cuirtear rannpháirtíocht an scoláire leis an tasc scríofa chun cinn tríothu seo a leanas:**

- machnamh a dhéanamh ar ábhair agus ar théacsanna agus ábhar/topaic a roghnú

[8] Ní liosta uileghabhálach ná rangú atá anseo, ní gá gurb iad na tascanna luaite a bheadh i gceist
[9] faoi stiúir, comhairle an mhúinteora.

- rogha a thabhairt agus cinneadh a dhéanamh faoin bhformáid chumarsáide/teicneolaíocht is oiriúnaí chun téacs a chruthú (téacsanna digiteacha san áireamh)
- féidearthachtaí bainteach le bheith ag obair i gcomhpháirt le scoláire(í) eile ag plé agus ríomh topaicí agus téacsanna ar leith

## Ag déanamh measúnú ar an Tasc Scríofa

### Na Gnéithe Cáilíochta

Cuirtear na gnéithe cáilíochta don tasc scríofa a thacaíonn le breithiúnas scoláire agus an mhúinteora i láthair anseo. Is iad na gnéithe cáilíochta na critéir a úsáidfear chun obair an scoláire a mheas.

**Gnéithe Cáilíochta: Tasc Scríofa**

| Marc | **Gnéithe Cáilíochta** |
|---|---|
| **Gradam**<br><br>**(90-100%)** | • Dea-scríbhneoireacht ó thús go deireadh agus fíorbheagán botún<br>• Caighdeán ard Gaeilge le sonrú idir chruinneas agus saibhreas teanga<br>• Láimhseáil fhíorchuimsitheach léirithe ar an ábhar le réim teanga an-oiriúnach don chomhthéacs<br>• Struchtúr sár-mhaith le tús agus críoch láidir sa saothar |
| **Ardtuillteanas**<br>**(75-89%)** | • Dea-scríbhneoireacht sa saothar ach le botúin bheaga anseo is ansiúd ach gan iad a bheith tromchúiseach<br>• Caighdeán an-mhaith Gaeilge le sonrú idir chruinneas agus saibhreas teanga<br>• Láimhseáil chumasach léirithe ar an ábhar le réim teanga oiriúnach don chomhthéacs in úsáid<br>• Struchtúr sármhaith le tús agus críoch láidir sa saothar |
| **Tuillteanas**<br><br>**(55-74%)** | • Scríbhneoireacht ar chaighdeán maith ach botúin le sonrú minic go leor sa phíosa<br>• Caighdeán maith Gaeilge le sonrú idir chruinneas agus saibhreas teanga ar an iomlán<br>• Láimhseáil éifeachtach ar an ábhar le réim teanga oiriúnach don chomhthéacs in úsáid ar an iomlán<br>• Struchtúr maith le tús agus críoch mhaith |
| **Gnóthaithe**<br><br>**(40-54%)** | • Scríbhneoireacht ar chaighdeán sásúil ach botúin choitianta ghramadaí le sonrú ó thús go deireadh<br>• Deacrachtaí leanúnacha sa scríobh le struchtúir, comhréir na teanga ach caighdeán sásúil bainte amach mar sin féin<br>• Iarracht déanta dul i ngleic leis an ábhar, tuiscint shásúil léirithe ar an ábhar in ainneoin roinnt deacrachtaí le hoiriúnacht na teanga<br>• Struchtúr cuíosach le tús agus críoch éigin ar an saothar |
| **Páirtghnóthaithe**<br><br>**(20-39%)** | • Gaeilge lag, bhearnach agus í míchruinn den chuid is mó<br>• Obair lag agus lochtach ach iarracht éigin déanta<br>• Iarracht éigin déanta le struchtúr ach gan tús agus críoch iomlán sásúil ar an obair agus gan teanga oiriúnach don chomhthéacs in úsáid<br>• Iarracht déanta dul i ngleic leis an ábhar ach ní éiríonn leis cúrsaí a ríomh |

## Marcáil

Tá 40 marc ag dul don tasc scríofa ar an iomlán. Tá an scéim marcála thíos bunaithe ar na gnéithe cáilíochta agus dá bharr ba chóir é a úsáid mar phointe tagartha ag tabhairt marcanna do mheasúnú bunaithe ar fheidhmíocht. Ní thugtar grad faoi bhun 20%.

Bronntar marc ó gach sraith sa ghreille bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúil an mhúinteora. Déantar machnamh ar na gnéithe cáilíochta ceann ar cheann, ag dul ón leibhéal páirtghnóthaithe suas go dtí an leibhéal gnóthachtála is airde a fhreagraíonn go hiomlán d'obair an scoláire. Nuair a shroichtear leibhéal nach bhfreagraíonn ina iomláine don obair, ní chuirtear aon leibhéal níos airde san áireamh.

**Greille ag léiriú mhiondealú na marcanna don tasc scríofa**

| **TASC SCRÍOFA** | **gradam** | **ardtuillteanas** | **tuillteanas** | **gnóthaithe** | **páirtghnóthaithe** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ceartúsáid na teanga | (18-20) | (15-17) | (11-14) | (8-10) | (4-7) | 20 |
| Struchtúr & láimhseáil an ábhair | (10-9) | (8-7) | (6-5) | (4-3) | (2-1) | 10 |
| Oiriúnacht teanga | (10-9) | (8-7) | (6-5) | (4-3) | (2-1) | 10 |

### Measúnú Deiridh (Ceann Cúrsa)

Beidh 60% de na marcanna iomlána ag dul don mheasúnú deiridh. Beidh sé ar fáil ag Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal. Beidh an measúnú ceangailte le hobair na scoláirí sa dara agus sa tríú bliain. Déanfar tacar de thorthaí foghlama don mheasúnú deiridh a shainaithint. Beidh an scrúdú ar fáil ag deireadh an tríú bliain agus cuirfear ar fáil é ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal. Déanfar measúnú ar an gcluastuiscint, ar an léamhthuiscint agus ar an scríbhneoireacht. Páipéar scrúdaithe dhá uair an chloig ar fad a bheidh ann. Beidh ar an scoláire dul i ngleic le hábhar spreagtha, tuiscint a léiriú air agus freagraí a thabhairt faoi. Ní bheidh ach páipéar scrúdaithe amháin don dá leibhéal. Ní féidir measúnú iomlán/críochnúil a dhéanamh ar na torthaí foghlama iomlána in aon bhliain amháin agus mar sin roghnófar réimse díobh i ngach scrúdbhliain.

### Socruithe Réasúnta

Má chinneann scoil go bhfuil sain-mhíchumas fisiceach nó foghlama i gceist le scoláire cuirfear socruithe réasúnta i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire sa tasc measúnaithe a mhaolú, chomh fada agus is féidir, ionas gur féidir leis an scoláire a leibhéal gnóthachtála a léiriú. Ba chóir go mbeadh na socruithe (.i. úsáid a bhaint as Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, tacaíocht ó Chúntóir Riachtanas Speisialta, nó tacaíocht ó theicneolaíocht oiriúnaitheach) ar aon dul leis na socruithe atá i bhfeidhm ag an scoil chun tacú le foghlaim an scoláire tríd an scoilbhliain.

# Aguisín 1

## Tacar de thorthaí foghlama don chéad bhliain

| **Snáithe: An Teanga Ó Bhéal: Éisteacht agus Labhairt** | |
|---|---|
| **Gnéithe** | **Torthaí Foghlama**<br>*Agus an scoláire ag éisteacht agus ag labhairt, ba cheart go mbeadh ar a chumas …* |
| **Cumarsáid — Éisteacht, labhairt, léitheoireacht, scríbhneoireacht** | 1.3 comhrá a fhorbairt agus plé domhain a dhéanamh ar eispéiris ábhartha<br><br>1.6 téacsanna ó bhéal a chruthú agus a chur i láthair ina aonar agus/nó i gcomhpháirt ag baint úsáide as teanga, stíleanna agus ábhar amharcach cuí don lucht éisteachta<br><br>1.7 braistintí agus mothúcháin a aithint, a thuiscint agus a chur in iúl |
| **Ábhar, struchtúr agus úsáid na teanga** | 1.10 fuaimeanna na Gaeilge a shainaithint is a fhuaimniú i gceart<br><br>1.11 tuiscint go bhfuil trí mhórchanúint ag an nGaeilge a cheadaíonn difríochtaí logánta maidir le gnéithe áirithe teanga<br><br>1.12 saibhreas teanga agus eiseamláirí den deismireacht chainte a aithint (i raon éagsúla téacsanna) agus a úsáid |
| **An teanga i gcomhthéacs** | 1.16 an Ghaeilge mórthimpeall (ina cheantar féin) a aithint agus a phlé<br><br>1.17 tuiscint gur ann do na meáin Ghaeilge agus úsáid chuí a bhaint astu |

| Snáithe: An Léitheoireacht | |
|---|---|
| **Gnéithe** | **Torthaí Foghlama**<br><br>*Agus an scoláire ag breathnú agus ag léamh, ba cheart go mbeadh ar a chumas …* |
| **Cumarsáid — Éisteacht, labhairt, léitheoireacht, scríbhneoireacht** | 2.1 téacsanna atá ar fáil i bhformáidí éagsúla agus i mórchanúintí na Gaeilge a léamh le líofacht, le tuiscint ag baint leasa as foghraíocht chruinn agus ag úsáid raon straitéisí dí-chódaithe cuí<br><br>2.3 sásamh a bhaint as saothair a léamh (de réir a chumais) ar mhaithe le foghlaim, le taighde agus mar chaitheamh aimsire ag foghlaim faoi ghnéithe de chás an duine agus den domhan, agus faoi imeachtaí an tsaoil mhóir<br><br>2.4 úsáid a bhaint as raon straitéisí léamhthuisceana atá oiriúnach do na téacsanna, téacsanna ilmhódacha san áireamh, chun cur lena réamheolas; teacht ar eolas nua; eolas a mheá; a roinnt; a cheistiú; a anailísiú; a shintéisiú agus a mheas |
| **Ábhar, struchtúr agus úsáid na teanga** | 2.6 an Ghaeilge scríofa a léamh os ard agus a fhuaimniú i gceart agus go cruinn<br><br>2.8 a stór focal éighníomhach agus gníomhach a leathnú amach<br><br>2.9 cruinneas agus ceart na teanga a aithint<br><br>2.10 acmhainní teanga a úsáid (foclóirí agus ríomhfhoclóirí, graiméir, seiceálaithe gramadaí agus litrithe, srl.) ar mhaithe le sealbhú teanga agus rochtain ar fhaisnéis a éascú |
| **An teanga i gcomhthéacs** | 2.11 eiseamláirí den teanga scríofa timpeall air a aithint<br><br>2.12 eolas a bhailiú faoin nGaeilge ina cheantar féin ó fhoinsí éagsúla |

| **Snáithe: An Scríbhneoireacht** | |
|---|---|
| **Gnéithe** | **Torthaí Foghlama**<br><br>*Agus an scoláire ag scríobh, ba cheart go mbeadh ar a chumas …* |
| **Cumarsáid — Éisteacht, labhairt, léitheoireacht, scríbhneoireacht** | 3.2 cur síos ar mhór-imeachtaí, carachtair agus ar mhórghnéithe (radhairc, íomhánna…) eile i dtéacsanna nó sa saol, agus freagairt dóibh, ina aonar nó i gcomhpháirt ag baint úsáide as stór focal criticiúil, cuí<br><br>3.3 sásamh agus taitneamh a bhaint as réimse de théacsanna a sholáthar i nGaeilge dó féin agus do dhaoine eile (mar shampla téacs ilmhódach; tuairisc; scéal; blag; léirmheas…) ag cothú a stíl phearsanta scríbhneoireachta féin |
| **Ábhar, struchtúr agus úsáid na teanga** | 3.6 gnásanna poncaíochta, litrithe agus scríbhneoireachta a aithint agus a chur i bhfeidhm<br><br>3.8 ceart-úsáid na teanga a aithint (ina aonar agus/nó i gcomhpháirt) agus a chur i bhfeidhm<br><br>3.9 struchtúr a chur ar a chuid scríbhneoireachta féin; déileáil le príomhphointí agus fophointí; pointí a eagrú san ord ceart; réamhrá agus conclúid a chur lena chuid scríbhneoireachta |
| **An teanga i gcomhthéacs** | 3.12 gnásanna scríbhneoireachta agus ríomhscríbhneoireachta (.i. bunscileanna méarchláir) na Gaeilge a chur i bhfeidhm<br><br>3.14 raon leathan téacsanna éagsúla a chruthú agus a sholáthar d'imeachtaí éagsúla na scoile, ina aonar nó i gcomhpháirt, faoi ghnéithe áirithe den teanga |